



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.9.2020
COM(2020) 577 final

2020/0264 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1139 a mhéid a bhaineann le cumas
Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh gníomhú mar
Chomhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta an Aerspáis Eorpaigh Aonair**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Tá sé d'aidhm ag tionscnamh an Aerspáis Eorpaigh Aonair (SES) an éifeachtúlacht fhoriomlán a fheabhsú i ndáil leis an gcaoi a ndéantar aerspás Eorpach a eagrú agus a bhainistiú, trí athchóiriú a dhéanamh ar an tionscal a chuireann seirbhísí aerloingseoireachta (SAL) ar fáil.

An togra leasaithe le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair [COM(2020) 579], tá sé d'aidhm ag an togra leasaithe sin go dtabharfar cothrom le dáta, i bhfianaise taithí, an reachtaíocht atá ann faoi láthair maidir leis an Aerspás Eorpach Aonair agus go ndéanfar athmhúnlú uirthi. Cé nach bhfuil aon athrú ar chuspóirí bunaidh ná ar phrionsabail an togra arna leasú ag an gCoimisiún in 2013 [COM(2013)410], leis an togra leasaithe díritear go sonrach ar dhlús a chur le hoiriúnú na seirbhísí aerloingseoireachta i bhfianaise na bprionsabal agus na gcuspóirí sin.

Gné thábhachtach amháin de na leasuithe molta sa chomhthéacs sin feidhm bhuan a bhunú i ndáil le Comhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta (CAF), feidhm a fheidhmeoidh Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht' anseo feasta). Leis na socruithe is gá chun na gcríoch sin, ceanglaítear go ndéanfar roinnt athruithe ar Rialachán (AE) 2018/1139, d'fhonn a áirithiú go mbeidh an neamhspleáchas agus an saineolas is gá ann, mar aon leis na hacmhainní riachtanacha, agus feidhmeanna CAF á gcomhlíonadh. Leagtar amach na leasuithe sin sa togra seo.

Ba cheart an togra athmhúnlaithe leasaithe dá dtagraítear thuas agus an togra seo a mheas mar phacáiste comhsheasmhach aonair.

• Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Leis an Straitéis Eitlíochta don Eoraip 2015¹ de chuid an Choimisiúin, iarradh go nglacfadh na comhreachtóirí togra SES2+ láithreach bonn. I dteannta leis an leasú ar thogra SES2+ [COM(2020) 579], tá an togra seo i gcomhréir go hiomlán leis an straitéis fhoriomlán don réimse beartais sin agus measfar, go háirithe, go gcuideoidh sé le dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an gcomhad reachtach sin.

• Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Is comhlánú riachtanach é an togra seo ar an togra leasaithe maidir le SES2+. Mar sin, tá baint aige le feabhas a chur ar na seirbhísí aerloingseoireachta, rud a ranncuideoidh ina dhiaidh sin le hastaíochtaí CO₂ a laghdú in earnáil na heitlíochta, le digitiú agus le feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh ar bhonn níos ginearálta, ar tosaíochtaí de chuid an Choimisiúin iad go léir.

¹ https://ec.europa.eu/transport/modes/air/aviation-strategy_ga

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 100(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh bunús dlí an togra.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Tugann Airteagal 100(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh de cheart don Aontas gníomhú sa réimse sin, réimse ina bhfuil inniúlacht roinnte.

Tá bainistíocht aerthráchta cumhdaithe go sonrach ag dlí an Aontais ó 2004 i leith, rud nach féidir leis na Ballstáit a leasú agus iad ag gníomhú ina gcáil féin. Ó thaobh substainte de, agus de réir a cineáil, déanann bainistíocht aerthráchta difear d'aerspás an Aontais Eorpaigh ar fad, agus is gnéithe dílse den eitlíocht iad gluaiseachtaí trasteorann daoine, earraí, seirbhísí agus caipitil.

A mhéid a bhaineann go sonrach leis na leasuithe ar Rialachán (AE) 2018/1139, atá beartaithe leis seo mar chomhpháirt riachtanach den phacáiste, is é an tAontas amháin a fhéadann leasuithe den sórt sin a thabhairt i gcrích agus ní na Ballstáit.

- **Comhréireacht**

Ní théann an togra thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí a bhaint amach, mar atá, a áirithiú go mbeidh an neamhspleáchas agus an saineolas is gá ann, mar aon leis na hacmhainní riachtanacha, agus feidhmeanna CAF á bhfeidhmiú. Tacaíonn na hionchuir éagsúla a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Doiciméad Inmheánach Oibre le príomhghnéithe an togra.

- **An rogha ionstraime**

Baineann na leasuithe molta le Rialachán (AE) 2018/1139 agus dá bhrí sin ba cheart dóibh a bheith i bhfoirm Rialacháin ar an mbealach céanna, Rialachán a ghlacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle faoin ngnáthnós imeachta reachtach. Ba cheart é a chur i láthair ar leithligh ón togra athmhúnlaith leasaithe [COM(2020) 579] ós rud é nach bhfuil Rialachán (AE) 2018/1139 i measc na ngníomhartha atá le hathmhúnlú.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

Is dlúthchuid é an togra seo de phacáiste arb é a phríomhghné an togra athmhúnlaith leasaithe atá mar chuid de dhoiciméad COM(2020) 579.

I rith an phacáiste go léir, déantar tagairt, ar an gcéad dul síos, don mheasúnú tionchair a rinne an Coimisiún cheana maidir leis an togra 2013 SES2+: SWD(2013) 206 críochnaitheach.

Ar an dara dul síos, tá measúnú déanta ar na heilimintí breise a bhaineann le feidhm CAF in SWD(2020) 187. Mar chúlra air sin tá na moltaí a rinne Cúirt Iniúcháirí na hEorpa in 2017 sa Tuarascáil Speisialta maidir leis an Aerspás Eorpach Aonair, agus sa Tuarascáil ón nGrúpa Saoithe maidir le todhchaí an Aerspáis Eorpaigh Aonair in 2019. In SWD(2020) 187, tugtar aghaidh freisin ar na glaonna ar ghníomhaíocht a fhaightear i ndearbhú na gcomhpháirtithe

leasmhara a síníodh le linn na comhdhála ardleibhéil maidir le todhchaí an Aerspáis Eorpaigh Aonair i mí Mheán Fómhair 2019.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleachtaí ag an togra seo do bhuiséad an Aontais. Déanfar an fheidhm nua ‘CAF’ atá beartaithe a mhaoiniú le muirir agus táillí agus déanfar í a chomhtháthú ó thaobh riaracháin de leis an nGníomhaireacht. Tá cúlchiste beartaithe a chumhdóidh caiteachas oibríochtúil aon bhliain amháin, chun leanúnachas a cuid oibríochtaí agus cur i bhfeidhm a cúraimí a áirithiú. Ina theannta sin, tá sé beartaithe go ndéanfar foráil maidir le ranníocaíochtaí bliantúla a bheidh le déanamh ag soláthraithe seirbhísí aerthráchta ainmnithe a bhaineann le cúraimí agus cumhachtaí na Gníomhaireachta mar CAF, chun an fheidhm nua a fhorbairt. Tá sé beartaithe na ranníocaíochtaí sin a bhailiú ar feadh cúig bliana airgeadais tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe, chun na costais a bhaineann le bunú na bhfeidhmeanna nua laistigh den Gníomhaireacht a chumhdach.

Tríd is tríd, ní dhéanfar difear do bhuiséad an Aontais.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

I ndréacht-Airteagal 43 den togra athmhúnlaith leasaithe le haghaidh Rialachán SES2+ [COM(2020) 579], déantar foráil maidir le meastóireacht ar théarmaí an Rialacháin sin, meastóireacht a bheidh le cur ar bun in 2030. Ba cheart don mheastóireacht sin feidhmíocht fheidhm CAF a chumhdach, go háirithe, ag féachaint do na cuspóirí foluiteacha. Ba cheart go gcuimseofaí inti, go loighciúil, na leasaithe atá beartaithe leis seo.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leis na rialacha beartaithe foráiltear do struchtúr buan a bheidh tiomnaithe d’athbhreithniú feidhmíochta, chun an neamhspleáchas agus an saineolas is gá a áirithiú. Chun go mbeifear in ann athbhreithniú dlíthiúil a dhéanamh go tráthúil, gan dochar d’inniúlachtaí na Cúirte breithiúnais, beartaítear i dtaobh cinntí arna nglacadh ag an nGníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF, go mbeidh siad faoi réir achomhairc os comhair comhlacht tiomnaithe de chuid na Gníomhaireachta, i.e. an Bord Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta.

An réiteach inarb í an Gníomhaireacht a dhéanfaidh feidhmeanna CAF, ach trí chomhlachtaí tiomnaithe agus sealbhóirí feidhme, dealraíonn sé gur leormhaith an réiteach sin ó thaobh cost-éifeachtúlachta de freisin.

Leis an Rialachán atá beartaithe leagtar síos an comhdhéanamh agus na ceanglais ábhartha maidir leis na comhlachtaí agus na sealbhóirí feidhme dá bhforáiltear d’fhonn an Gníomhaireacht a chumasú chun gníomhú mar CAF. Is iad na cúraimí agus na cumhachtaí atá le tabhairt don Gníomhaireacht chun na gcríoch sin na cinn a leagtar síos sa togra athmhúnlaith leasaithe [COM(2020) 579]. Áirítear leo pleananna feidhmíochta soláthraithe seirbhísí aerthráchta ainmnithe a mheasúnú agus a fhormheas, comhairle a sholáthar don Choimisiún maidir le Plean Feidhmíochta an Líonra, faireachán ar fheidhmíocht agus rátaí aonaid na soláthraithe seirbhísí aerthráchta a fhíorú.

Chun feidhmíocht na Gníomhaireachta mar Chomhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta a bharrfheabhsú, bheadh sé inmhianaithe don Aontas a shocrú le Eurocontrol saineolas teicniúil agus sonraí ábhartha a bhaineann le feidhmíocht a aistriú eatarthu, agus d'fhéadfaí sin a dhéanamh tríd an gComhaontú ardleibhéil atá ann cheana idir an dá pháirtí a leasú.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1139 a mhéid a bhaineann le cumas
Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh gníomhú mar
Chomhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta an Aerspáis Eorpaigh Aonair**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Chun cur i bhfeidhm na rialacha maidir leis an Aerspás Eorpach Aonair a bharrfheabhsú, bunaítear le Rialachán [togra leasaithe SES2+] inniúlacht sainchomhlachta de chuid an Aontais, le haghaidh cúraimí éagsúla i leith na scéimeanna feidhmíochta agus muirearaithe go háirithe, mar atá Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh ag gníomhú mar Chomhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta (dá ngairtear ‘an Gníomhaireacht [atá/a bheidh/etc] ag gníomhú mar CAF’ anseo feasta).
- (2) I gcomhréir leis an gcuspóir sin, is gá struchtúr buan comhfhreagrach a bhunú laistigh den Gníomhaireacht, lena ráthófar go mbeidh an saineolas is gá ann agus na cúraimí a thugtar don Gníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF á gcomhlíonadh, chomh maith le neamhspleáchas ó leasanna poiblí nó príobháideacha agus, sa chomhthéacs sin, gur féidir leis an nGníomhaireacht brath ar acmhainní tiomnaithe.
- (3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle² a leasú, ar bhealach ina ndéantar comhlíonadh na gcúraimí maidir le scéimeanna feidhmíochta agus muirearaithe an Aerspáis Eorpaigh Aonair a dheighilt,

² Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle (IO L 212, 22.8.2018, lch. 1)

go feidhmiúil agus ar bhonn ordlathais, ó ghníomhaíocht na Gníomhaireachta mar údarás sábháilteachta.

- (4) Chun na gcríoch sin, ba cheart Bord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta a bhunú agus Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta a cheapadh go sonrach chun feidhmeanna na Gníomhaireachta atá ag gníomhú mar CAF a chomhlíonadh.
- (5) I gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach thuas, ba cheart don Bhord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta gníomhú go neamhspleách agus níor chóir dó treoir a lorg ná a leanúint ná glacadh le moltaí ó rialtas Ballstáit, ón gCoimisiún ná ó aon eintiteas eile poiblí nó príobháideach.
- (6) Ba cheart na cumhachtaí is gá a bheith ag Bord Bainistíochta na Gníomhaireachta, go háirithe chun Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta a cheapadh.
- (7) Ba cheart don Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta go háirithe a bheith ina ionadaí dlíthiúil ar an nGníomhaireacht i gcúrsaí athbhreithnithe feidhmíochta agus a bheith i gceannas ar an riarachán ó lá go lá i leith an ábhair seo, chomh maith le bheith i gceannas ar chúraimí éagsúla ullmhúcháin. Ba cheart don Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta freisin an roinn maidir le hathbhreithniú feidhmíochta a dhréachtú agus a chur isteach i ndoiciméad clársceidealaithe, i gclár oibre bliantúil agus i dtuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta. Ba cheart don Bhord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta a bheith páirteach sna gníomhaíochtaí sin de réir mar is gá.
- (8) Tá an comhar idir na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta i réimse an athbhreithnithe feidhmíochta tábhachtach chun cur i bhfeidhm rianúil dhlí an Aontais a áirithiú sa réimse sin agus ba cheart é a éascú dá bhrí sin, eadhon trí Bhord Comhairleach um Athbhreithniú Feidhmíochta a bhunú.
- (9) I gcás ina bhfuil cumhachtaí ag an nGníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF cinntí a dhéanamh, ba cheart, ar mhaithe le barainneacht nós imeachta, ceart achomhairc chuig Bord Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta a dheonú do pháirtithe leasmhara, agus ba cheart an Bord Achomhairc sin a bheith ina chuid den Ghníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF, ach é a bheith neamhspleách ar struchtúr riaracháin agus rialála na Gníomhaireachta.
- (10) Ba cheart don Ghníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF aon chomhairliúcháin is gá a chur ar bun agus gníomhú go trédhearcach.
- (11) Áireoidh an Ghníomhaireacht ioncam agus caiteachas an athbhreithnithe feidhmíochta ar leithligh ó ioncam agus caiteachas eile. I gcomhréir le prionsabal neamhspleáchais na Gníomhaireachta atá ag gníomhú mar CAF, ba cheart don Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta an dréachtráiteas faoi mheastacháin ar ioncam agus ar chaiteachas maidir le hathbhreithniú feidhmíochta, a bheidh le cur faoi bhráid an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, a ullmhú. Laistigh den dréachtráiteas sin ar mheastacháin, ba cheart formheas an Stiúrthóra um Athbhreithniú Feidhmíochta a bheith ina cheangal ar athruithe ar ioncam agus ar chaiteachas maidir le hathbhreithniú feidhmíochta. I gcás easaontas idir an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta agus an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, ba cheart an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta a chur in inmhe a chuid tuairimí a chur in iúl agus a thabhairt ar aird an Bhoird Bhainistíochta ar bhealach éifeachtach, sula nglacann an Bord Bainistíochta an dréachtmheastachán sealadach ar ioncam agus ar chaiteachas na Gníomhaireachta.
- (12) Is iomchuí go rannchuideodh na soláthraithe seirbhísí aerthráchta ainmnithe le bunú oibríochtaí na Gníomhaireachta a bheidh ag gníomhú mar CAF agus lena feidhmiú

leanúnach. Tá monaplachtaí nádúrtha ag soláthraithe seirbhísí aerthrachta ainmnithe i leith na seirbhísí lena mbaineann, agus íocann úsáideoirí aerthrachta luach saothair na seirbhísí sin. Mar gheall ar an ngné shonrach sin, is gá na scéimeanna feidhmíochta agus muirearaithe a chur i bhfeidhm maidir leo, ionas gur féidir soláthar na seirbhísí lena mbaineann a bharrfheabhsú ar roinnt bealaí. Is é príomhról na Gníomhaireachta atá ag gníomhú mar CAF na scéimeanna sin a chur i bhfeidhm, agus is féidir a mheas go bhfuil na cistí is gá chun í a bhunú riachtanach ar chúiseanna a bhaineann le gnéithe ar leith de sholáthraithe na seirbhísí lena mbaineann, agus le staid ar leith na soláthraithe sin.

- (13) Na costais a bhaineann leis an nGníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF ag déanamh maoirseachta ar na soláthraithe seirbhísí aerthrachta ainmnithe, féadfar iad a roinnt ina gcostais tionscanta agus ina gcostais reatha.
- (14) Is costais ghearrthéarmacha iad siúd a bhaineann le bunú na Gníomhaireachta a bheidh ag gníomhú mar CAF agus tá siad teoranta do roinnt gníomhaíochtaí, mar shampla earcaíocht, oiliúint agus trealamh riachtanach TF, agus is gá iad chun an mhaoirseacht, atá de dhíth ar na cúiseanna a thuairiscítear thuas, a chur ar bun.
- (15) Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí aerthrachta ainmnithe na costais sin a íoc le linn cúig bliana airgeadais i bhfoirm ranníocaíochtaí bliantúla a ríomhfar ar bhealach cóir neamh-idirdhealaitheach. Ba cheart ranníocaíochtaí aonair ó sholáthraithe seirbhísí aerthrachta ainmnithe a chinneadh de réir a méide chun a dtábhacht i soláthar seirbhísí aerthrachta san Eoraip, agus dá réir sin, na tairbhí coibhneasta a bhainfidh siad as an ngníomhaíocht mhaoirsithe, a léiriú. Go nithiúil, ba cheart na ranníocaíochtaí sin a ríomh bunaithe ar mhéid an ioncaim a ghnóthaítear iarbhir ó sholáthar seirbhísí aerloingseoireachta thar an tréimhse thagartha roimh an tréimhse thagartha sin a dtagann an Rialachán seo i bhfeidhm lena linn.
- (16) Chun rialacha aonfhoirmeacha maidir le ranníocaíochtaí bliantúla a bhunú, go háirithe an mhodheolaíocht chun an caiteachas measta a leithdháileadh ar chatagóirí de sholáthraithe seirbhísí aerthrachta ainmnithe agus na critéir chun leibhéal na ranníocaíochtaí aonair a chinneadh ar bhonn méide, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³.
- (17) Baineann costais reatha le costas na ngníomhaíochtaí a dhéanann an Gníomhaíocht atá ag gníomhú mar CAF, i leith na scéimeanna feidhmíochta agus muirearaithe, a luaite a chuirtear an ghníomhaíocht sin ar bun. Ar an mbealach céanna, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí aerthrachta ainmnithe costais reatha na Gníomhaireachta atá ag gníomhú mar CAF a mhaoiniú. Ba cheart an cistiú a bheith bunaithe ar tháillí agus muirir, áfach, mar gheall ar na hidirghabhálacha is gá chun na scéimeanna feidhmíochta agus muirearaithe a chur i bhfeidhm. Féadtar a mheas freisin go gcuirfidh an cineál sin cistiúcháin le huathriail agus neamhspleáchas na Gníomhaireachta atá ag gníomhú mar CAF.
- (18) Níor cheart d'aon ioncam a fhaigheann an Gníomhaireacht, ó cibé foinse, cur isteach ar a neamhspleáchas ná ar a neamhchlaontacht.

³ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, Ich. 13).

- (19) Ba cheart don Ghníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF foráil a dhéanamh freisin maidir le cúlchiste lena gcuimseofar bliain amháin dá caiteachas oibríochtúil chun leanúnachas a hoibríochtaí agus cur i bhfeidhm a cúraimí a áirithiú.
- (20) Ba cheart don Ghníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF a bheith oscailte do rannpháirtíocht tríú tíortha a mbeidh comhaontuithe tugtha i gcrích acu leis an Aontas agus a bhfuil rialacha ábhartha dhlí an Aontais glactha acu agus á gcur i bhfeidhm acu.
- (21) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2018/1139 a leasú dá réir sin,
- TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2018/1139 mar seo a leanas:

- (1) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 5:
- ‘(5) ciallaíonn ‘BAT/SAL’ bainistiú aerthrachta agus seirbhísí aerloingseoireachta agus cumhdaítear leis an méid seo ar fad a leanas: na feidhmeanna agus na seirbhísí bainistíochta aerthrachta mar a shainítear i bpointe (9) d’Airteagal 2 de [togra leasaithe SES2+]; na seirbhísí aerloingseoireachta a shainítear i bpointe (4) d’Airteagal 2 den Rialachán sin, lena n-áirítear na feidhmeanna líonra dá dtagraítear in Airteagal 26 den Rialachán sin, mar aon le seirbhísí a mhéadaíonn comharthaí arna n-astú ag satailítí lárchnuasaigh de GNSS chun críche aerloingseoireachta; dearadh nósanna imeachta eitiltí; agus seirbhísí arb é atá iontu sonraí a thionscnamh agus a phróiseáil agus sonraí a fhormáidiú agus a sholáthar d’aerthrácht ginearálta chun críche aerloingseoireachta; agus seirbhísí sonraí aerthrachta ar seirbhísí iad lena ndéantar sonraí oibríochtúla ó sholáthraithe seirbhísí faireachais a bhailiú, ó sholáthraithe seirbhísí meitéareolaíocha (MET) agus seirbhísí faisnéise aerloingseoireachta (AIS) agus feidhmeanna líonra ó eintitis ábhartha eile a chomhlánadh agus a chomhtháthú, agus/nó soláthar sonraí próiseáilte chun críche rialú aerthrachta agus bainistiú aerthrachta;’;

- (2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 93:

‘Airteagal 93

Cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair

1. An Ghníomhaireacht a bheidh ag gníomhú mar Chomhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta (CAF), beidh na cúraimí uirthi, agus feidhmeoidh sí na cumhachtaí, a leagtar amach in [togra leasaithe SES2+].
2. I gcás ina bhfuil an saineolas ábhartha ag an nGníomhaireacht, cibé acu ina cáil mar CAF nó nach ea, cuirfidh an Ghníomhaireacht, arna iarraidh sin, cúnamh teicniúil ar fáil don Choimisiún, i gcur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair, lena n-áirítear cúnamh leis an scéim feidhmíochta agus muirearaithe, go háirithe leis na nithe seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) cigireachtaí teicniúla, imscrúduithe theicniúla agus athbhreithnithe ar chomhlíontachta, ar staidéir agus ar thionscadail a dhéanamh;
 - (b) rannchuidiú le Máistirphlean ATM a chur chun feidhme, lena n-áirítear forbairt agus imlonnú cláir SESAR.’;
- (3) in Airteagal 94, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ionadaíocht dhlíthiúil thar ceann na Gníomhaireachta. Le haghaidh ábhair a bhaineann leis an nGníomhaireacht atá ag

gníomhú mar CAF, déanfaidh an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta ionadaíocht dhlíthiúil thar ceann na Gníomhaireachta.’;

(4) leasaítear Airteagal 98 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

‘(f) comhlíonfaidh sé a chuid feidhmeanna i ndáil le buiséad na Gníomhaireachta de bhun Airteagal 120, Airteagal 120a, Airteagal 121 agus Airteagal 125;’,

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (l):

‘(l) cinntí a ghlacadh faoi struchtúir inmheánacha na Gníomhaireachta ar leibhéal na stiúrthóirí a bhunú agus más gá, faoina modhnú, agus i gcás struchtúr inmheánach a bhaineann le hathbhreithniú ar fheidhmíocht, faoi réir iarraidh chomhfhreagrach ón Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta agus tuairim dhearfach ón mBord Rialála um Athbhreithniú. Ní dhéanfaidh aon cinneadh den sórt sin difear don deighilt idir an Bord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta, an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta, an Bord Comhairleach um Athbhreithniú Feidhmíochta, an Bord Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta agus an fhoireann atá ag obair don Gníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF de pháirt, agus comhlachtaí eile agus sealbhóirí feidhme na Gníomhaireachta den pháirt eile;’,

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (o):

‘(o) rialacha a ghlacadh maidir le cosc agus bainistiú coinbhleachtaí leasa i ndáil lena chomhaltaí, chomh maith le comhaltaí an Bhoird Achomhairc, comhaltaí an Bhoird Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta, comhaltaí an Bhoird Comhairligh um Athbhreithniú Feidhmíochta, agus comhaltaí an Bhoird Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta;’;

(b) cuirtear an tAirteagal seo a leanas, Airteagal 2a, isteach:

‘2a. Maidir le hábhair i dtaca le hathbhreithniú ar fheidhmíocht, déanfaidh an Bord Bainistíochta an méid seo a leanas:

(a) tar éis dul i gcomhairle leis an mBord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta agus tuairim fhabhrach a fháil ón mBord sin, an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta a cheapadh i gcomhréir le hAirteagal 114g agus i gcás inarb ábhartha síneadh a chur lena théarma oifige nó lena téarma oifige nó é nó í a chur as oifig;

(b) comhaltaí an Bhoird Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta a cheapadh i gcomhréir le hAirteagal 114c;

(c) tar éis dul i gcomhairle leis an mBord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta, comhaltaí an Bhoird Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta a cheapadh i gcomhréir le hAirteagal 114l;

(d) tar éis comhaontú an Choimisiúin a fháil, agus maidir leis an ioncam agus an caiteachas i ndáil le hathbhreithniú ar fheidhmíocht, cinneadh a dhéanamh an nglacfar nó nach nglacfar le haon leagáidí, deonacháin nó deontais ó fhoinsí Aontais eile nó le haon ranníocaíocht dheonach ó na Ballstáit nó ó na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 3 de [togra leasaithe SES2+];

- (e) tar éis dul i gcomhairle leis an mBord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta, déanfar údarás araíonachta a fheidhmiú ar an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta;
 - (f) tar éis dul i gcomhairle leis an mBord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta, nósanna imeachta a bhunú chun tuairimí, moltaí agus cinntí a eisiúint ón nGníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF dá dtagraítear in Airteagal 119a(4);
 - (g) faoi réir tuairim fhabhrach ón mBord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta, agus ar bhonn togra ón Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta, glacfar agus tabharfar cothrom le dáta go rialta na pleananna maidir le cumarsáid agus scaipeadh i leith athbhreithnithe ar fheidhmíocht dá dtagraítear in Airteagal 119a(5);
 - (h) faoi réir tuairim fhabhrach an Bhoird Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta, tabhairt i gcrích socruithe oibre a údarú i gcomhréir le hAirteagal 129a(4);
 - (i) faoi réir tuairim fhabhrach an Bhoird Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta agus ar bhonn togra ón Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta, sásraí agus nósanna imeachta a bhunú chun dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 38 de [togra leasaithe SES2+] agus in Airteagal 119a den Rialachán seo.’;
- (c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 agus 4:
- ‘3. Féadfaidh an Bord Bainistíochta comhairle a chur ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin maidir le haon ábhar a bhfuil baint aige le réimsí a chuimsítear leis an Rialachán seo, ach amháin ábhair a bhaineann le hathbhreithniú ar fheidhmíocht.
4. Bunóidh an Bord Bainistíochta comhlacht comhairleach a sheasann do réimse iomlán na bpáirtithe leasmhara a ndéanann obair na Gníomhaireachta difear dóibh agus rachaidh sé i gcomhairle leis sula ndéanfaidh sé cinntí sna réimsí dá dtagraítear i mír 2, pointí (c), (e), (f) agus (i). Déanfaidh an Bord Bainistíochta an rannchuidiú a chuireann an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta ar fáil a chomhtháthú go hiomlán i gcomhréir le hAirteagal 114h agus cinntí á ndéanamh ag an mBord sin sna réimsí dá dtagraítear i mír 2, pointí (c) agus (f). Féadfaidh an Bord Bainistíochta a chinneadh freisin dul i gcomhairle leis an gcomhlacht comhairleach faoi ábhair eile dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 3, ach amháin na réimsí a bhaineann le feidhm na Gníomhaireachta atá ag gníomhú mar CAF. Ní bheidh tuairim an chomhlachta chomhairligh ina ceangal, i gcás ar bith, ar an mBord Bainistíochta.’;
- (d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:
- ‘6. Glacfaidh an Bord Bainistíochta, i gcomhréir le hAirteagal 110 de na Rialacháin Foirne, cinneadh bunaithe ar Airteagal 2(1) de na Rialacháin Foirne agus ar Airteagal 6 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, lena ndéantar cumhachtaí ábhartha de chuid an údaráis ceapacháin a tharmligean chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus lena sainítear na coinníollacha faoinar féidir an tarmligean cumhachtaí sin a chur ar fionraí. Beidh údarás ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin na cumhachtaí sin a fho-tharmligean.
- Nuair is gá, mar gheall ar chúinsí eisceachtúla, féadfaidh an Bord Bainistíochta a chinneadh tarmligean chumhachtaí an údaráis ceapacháin don Stiúrthóir Feidhmiúcháin chomh maith leo siúd arna dtarmligean aige, a chur ar fionraí go sealadach agus iad a fheidhmiú é féin nó iad a tharmligean do dhuine dá chomhaltaí nó do bhall foirne eile seachas an Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír ná ag an dara fhomhír maidir le baill foirne a sanntar a bpoist d'fheidhm na Gníomhaireachta a bheidh ag gníomhú mar CAF.';

- (e) cuirtear an mhír seo a leanas, mír 7, leis:

‘7. Glacfaidh an Bord Bainistíochta, i gcomhréir le hAirteagal 110 de na Rialacháin Foirne, cinneadh bunaithe ar Airteagal 2(1) de na Rialacháin Foirne agus ar Airteagal 6 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, lena ndéantar cumhachtaí ábhartha de chuid an údaráis ceapacháin a tharmligean chuig an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta maidir le baill foirne a sanntar a bpoist d'fheidhm na Gníomhaireachta atá ag gníomhú mar CAF, agus lena sainítear na coinníollacha faoinar féidir an tarmligean cumhachtaí sin a chur ar fionraí. Beidh údarás ag an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta na cumhachtaí sin a fho-tharmligean.

Nuair is gá, mar gheall ar chúinsí eisceachtúla, féadfaidh an Bord Bainistíochta a chinneadh tarmligean chumhachtaí an údaráis ceapacháin don Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta mar aon leo siúd arna dtarmligean aige, a chur ar fionraí go sealadach agus iad a fheidhmiú é féin nó iad a tharmligean do dhuine dá chomhaltaí nó do bhall foirne eile seachas don Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta. Beidh gá le vóta dearfach ó ionadaí an Choimisiúin ar an mbord Bainistíochta chun cinneadh a dhéanamh chuige sin. Beidh na himthosca eisceachtúla teoranta go docht d'ábhair riaracháin, bhuiséadacha nó bhainistíochta agus gan dochar do neamhspleáchas iomlán an Stiúrthóra um Athbhreithniú Feidhmíochta maidir lena chúraimí nó lena cúraimí de bhun phointe (d) d'Airteagal 114h(3).';

- (5) in Airteagal 99, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Ceapfaidh an comhlacht comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 98(4) ceathrar dá chuid comhaltaí chun a bheidh rannpháirteach ar an mBord Bainistíochta agus is stádas breathnóra a bheidh acu, ach amháin i gcás ábhair a bhaineann le hathbhreithniú ar fheidhmíocht dá dtagraítear in Airteagal 98(2a). Seasfaidh siad, ar an mbealach is fairsinge is féidir, do na dearthaí éagsúla atá ann sa chomhlacht comhairleach. Is é 48 mí a bheidh sa téarma oifige ar dtús agus is féidir síneadh a chur leis.';

- (6) leasaítear Airteagal 101 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Glacfaidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta páirt sa phlé, gan cead vótála a beith aige. Ar chuireadh a fháil ón Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta, féadfar cuireadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta páirt a ghlacadh sa phlé maidir le hábhair a bhaineann le feidhm na Gníomhaireachta a bheidh ag gníomhú mar CAF, gan cead vótála a bheith aige.';

- (b) cuirtear an mhír seo a leanas, mír 3a, isteach:

‘3a. Glacfaidh an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta páirt sa phlé maidir le réimsí a bhaineann go díreach nó go hindíreach le feidhm na Gníomhaireachta a bheidh ag gníomhú mar CAF, gan cead vótála a bheith aige.';

- (7) In Airteagal 102, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2, 3 agus 4:

‘2. Beidh aon vóta amháin ag gach comhalta arna cheapadh de bhun Airteagal 99(1). Má bhíonn comhalta as láthair, beidh an comhalta malartach i dteideal a chead nó a cead vótála a fheidhmiú. Ní bheidh cead vótála ag breathnóirí ná ag Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta ná ag Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta.

3. Le Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Bainistíochta bunófar socruithe vótála níos mionsonraithe, go háirithe an nós imeachta maidir le vótáil ar chúrsaí práinneacha, na coinníollacha faoina bhféadfadh comhalta feidhmiú thar ceann comhalta eile, mar aon le haon cheanglais chóraithe, más iomchuí.
 4. D'fhoillíonn cinntí a bhaineann le buiséad nó le hacmhainní daonna nó le hábhar riaracháin a ghlacadh, go háirithe na hábhair dá dtagraítear i bpointí (d), (f), (h), (m), (n), (o), agus (q) d'Airteagal 98(2), pointí (a), (b), (c), (e) agus (f) d'Airteagal 98(2a), agus Airteagal 98(7), is gá vóta dearfach ó ionadaí an Choimisiúin ar an mbord Bainistíochta.';
- (8) leasaítear Airteagal 104 mar a leanas:
- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
- ‘1. Is é an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a dhéanfaidh an Gníomhaireacht a bhainistiú. Is é an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a bheidh freagrach don Bhord Bainistíochta. Gan dochar do chumhachtaí an Choimisiúin agus an Bhoird Bainistíochta, beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin neamhspleách i bhfeidhmiú a chuid dualgas nó a cuid dualgas agus ní iarrfaidh ná ní ghlacfaidh sé nó sí teagaisc ó aon rialtas ná ó aon chomhlacht eile. Ní thabharfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin treoracha don Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta ná don fhoireann atá tiomnaithe d'fheidhm na Gníomhaireachta atá ag gníomhú mar CAF.’;
- (b) leasaítear mír 3 mar a leanas:
- (i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:
- ‘3. Is é an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a bheidh freagrach as cur chun feidhme na gcúraimí arna sannadh don Gníomhaireacht faoin Rialachán seo nó faoi ghníomhartha eile an Aontais, ach amháin ábhair a bhaineann le feidhmiú na Gníomhaireachta atá ag gníomhú mar CAF. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagrach, go háirithe, as an méid seo a leanas:’.
- (ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h):
- ‘(h) dréachtráiteas na Gníomhaireachta ar mheastacháin ioncaim agus caiteachais a ullmhú de bhun Airteagal 120, dréachtmheastachán ar ioncam agus ar chaiteachas na Gníomhaireachta a chomhtháthú le haghaidh a cuid feidhmeanna mar CAF arna ullmhú ag an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta i gcomhréir le hAirteagal 114h agus Airteagal 120a, agus a buiséad a chur chun feidhme de bhun Airteagal 121, ach amháin buiséad na Gníomhaireachta le haghaidh a cuid feidhmeanna mar CAF;’;
- (iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (j):
- ‘(j) doiciméad clársceidealaithe dá dtagraítear in Airteagal 117(1) a ullmhú agus, tar éis roinn an CAF a chomhtháthú arna cur isteach ag an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta i gcomhréir le pointe (g) d'Airteagal 114h(3) agus le hAirteagal 117a, á chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta lena ghlacadh, tar éis tuairim an Choimisiúin a fháil. Ní dhéanfar aon athrú ar roinn an CAF ach amháin ar fhormheas ón Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta;’;
- (iv) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (l):
- ‘(l) plean gníomhaíochta a ullmhú ina ndéanfar obair leantach ar chonclúidí tuarascálacha agus meastóireachtaí iniúchóireachta inmheánacha nó seachtracha mar aon le himscrúduithe arna ndéanamh ag OLAF, agus tuairisc ar an dul chun cinn a thabhairt don Choimisiún dhá uair sa bhliain agus go tráthrialta don Bhord Bainistíochta. Beidh

an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ag comhordú leis an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta chun comhleanúnachas a áirithiú leis an bplean gníomhaíochta arna ullmhú ag an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le feidhm na Gníomhaireachta a bheidh ag gníomhú mar CAF;’,

(v) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (u):

‘(u) gach cinneadh a dhéanamh maidir le struchtúir inmheánacha na Gníomhaireachta a bhunú agus, más gá, maidir le haon athrú a dhéanfar orthu, ach amháin athruithe a dhéanfar ar leibhéal na stiúrthóirí, arna bhformheas ag an mBord Bainistíochta, agus ach amháin cinntí a bhaineann leis na struchtúir inmheánacha i dtaca le hathbhreithniú ar fheidhmíocht. Ní dhéanfaidh cinntí arna ndéanamh ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin aon difear don deighilt idir an Bord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta, Stiúrthóir um Athbhreithnithe Feidhmíochta, Bord Comhairleach um Athbhreithniú Feidhmíochta, Bord Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta agus an fhoireann atá ag obair don Gníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF de pháirt agus na comhlachtaí agus sealbhóirí feidhme eile na Gníomhaireachta den pháirt eile;’,

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagrach freisin as a chinneadh, chun críche cúraimí na Gníomhaireachta a dhéanamh ar dhóigh éifeachtúil, éifeachtach, an gá oifig áitiúil amháin nó níos mó a bhunú i mBallstát amháin nó níos mó nó baill foirne a chomhshuíomh i dtoscaireachtaí de chuid an Aontais i dtríú tíortha faoi réir comhaontuithe iomchuí leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír maidir leis an nGníomhaireacht ina feidhm mar CAF. Maidir leis na feidhmeanna sin, is é an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta a bheidh freagrach as a chinneadh, chun críche obair na Gníomhaireachta a dhéanamh ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach, an gá oifig áitiúil amháin nó níos mó a bhunú i mBallstát amháin nó níos mó.

Chun na cinntí a dhéanamh dá dtagraítear sa chéad agus sa dara fo-mhír, ní mór réamhthoiliú a fháil ón gCoimisiún, ón mBord Bainistíochta agus, i gcás inarb infheidhme, ón mBallstát ina mbeidh an oifig le bunú. Sonrófar sna cinntí sin raon feidhme na ngníomhaíochtaí a dhéanfar san oifig áitiúil nó a dhéanfaidh baill foirne arna gcomhshuíomh, ar dhóigh a seachnóidh costais neamhriachtanacha agus feidhmeanna riaracháin na Gníomhaireachta a dhéanamh faoi dhó.’;

(9) cuirtear an Roinn seo a leanas, Roinn IIa, isteach:

‘ROINN IIa

Rialacha sonracha maidir leis an struchtúr inmheánach a bhaineann le hathbhreithniú ar fheidhmíocht

Airteagal 114a

Struchtúr na Gníomhaireachta atá ag gníomhú mar CAF

Beidh an méid seo a leanas ag an nGníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF chun a cuid cúraimí a chur i gcrích maidir le hathbhreithniú ar fheidhmíocht:

- (a) Bord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta;
- (b) Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta;
- (c) Bord Comhairleach um Athbhreithniú Feidhmíochta;
- (d) Bord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta.

Cúraimí an Bhoird Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta

1. Déanfaidh an Bord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta na nithe seo a leanas:
 - (a) tuairimí agus, i gcás inarb iomchuí, barúlacha agus leasuithe ar téacs thogra an Stiúrthóra um Athbhreithniú Feidhmíochta maidir le dréacht-tuairimí, moltaí agus cinntí a bhaineann leis na cúraimí a liostaítear in [togra leasaithe SES2+], mar aon leis na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 129a den Rialachán seo, a bheidh á mbreithniú lena nglacadh;
 - (b) treoir a sholáthar, laistigh dá réimse inniúlachta, don Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta i dtaca le forghníomhú a chúraimí nó a cúraimí;
 - (c) tuairim a chur ar fáil don Bhord Bainistíochta maidir leis an iarrthóir atá le ceapadh mar Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 98(2a) agus le hAirteagal 114g(2), agus i gcás inarb infheidhme é nó í a chur as oifig i gcomhréir le hAirteagal 114g(6);
 - (d) an roinn den doiciméad clársceidealaithe maidir le gníomhaíochtaí athbhreithnithe ar fheidhmíocht a bheidh le cur faoi bhráid an Stiúrthóra Feidhmiúcháin ag an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta a fhorpheas i gcomhréir le pointe (g) d'Airteagal 114h(3) agus le hAirteagal 117a;
 - (e) an roinn neamhspleách maidir le gníomhaíochtaí rialála den roinn maidir le hathbhreithniú ar fheidhmíocht den tuarascáil chomhdhlúite bhliantúil gníomhaíochta a bheidh le cur faoi bhráid an Stiúrthóra Feidhmiúcháin ag an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta a fhorpheas i gcomhréir le pointe (i) d'Airteagal 114h(3) agus le hAirteagal 118a;
 - (f) tuairim a chur ar fáil don Bhord Bainistíochta maidir leis na nósanna imeachta chun tuairimí, moltaí agus cinntí a eisiúint ag an nGníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF i gcomhréir le pointe (f) d'Airteagal 98(2a);
 - (g) tuairim a chur ar fáil don Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta maidir lena thogra le haghaidh na bpleananna cumarsáide agus scaipthe maidir le hathbhreithniú ar fheidhmíocht dá dtagraítear in Airteagal 119a(5), i gcomhréir le pointe (g) d'Airteagal 98(2a);
 - (h) tuairim a chur ar fáil don Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta maidir le bunú nó modhnú na struchtúr inmheánach a bhaineann le hathbhreithniú ar fheidhmíocht;
 - (i) tuairim a chur ar fáil don Bhord Bainistíochta maidir le gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh de bhun phointe (e) d'Airteagal 98(2a);
 - (j) tuairim a chur ar fáil don Bhord Bainistíochta maidir le tabhairt chun críche socruithe oibre i gcomhréir le hAirteagal 129a(4);
 - (k) tuairim a thabhairt do Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta maidir lena thogra i dtaca le sásraí agus nósanna imeachta chun dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 38 de [togra leasaithe SES2+] agus in Airteagal 119a den Rialachán seo;
 - (l) tuairim a thabhairt don Bhord Bainistíochta maidir leis na hiarrthóirí a bheidh le ceapadh mar chomhaltaí den Bord Achomhairc um Athbhreithniú

Feidhmíochta i gcomhréir le hAirteagal 114l. Ní bheidh an tuairim sin ina ceangal.

Airteagal 114c

Comhdhéanamh agus neamhspleáchas an Bhoird Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta

1. Beidh an Bord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta comhdhéanta de naoi gcomhalta a bhfuil vóta acu agus d'ionadaí amháin ón gCoimisiún gan cead vótála. Beidh comhalta malartach ag gach comhalta. Beidh duine de na comhaltaí ina Chathaoirleach ar an mBord Comhairleach um Athbhreithniú Feidhmíochta. Ní bheidh comhalta den Bhord Bainistíochta ina chomhalta den Bhord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta. Cúig bliana a bheidh i dtéarma oifige chomhaltaí agus a gcuid comhaltaí malartacha agus féadfadh síneadh a chur leis an téarma sin.
2. Is é an Bord Bainistíochta a dhéanfaidh comhaltaí an Bhoird Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta agus a gcomhaltaí malartacha a cheapadh go foirmiúil, ar thogra ón gCoimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle le Eurocontrol agus tar éis glao poiblí ar léiriú spéise. Ceapfar comhaltaí an Bhoird Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta ar bhonn tuillteanais mar aon le scileanna agus le taithí a bhaineann le bainistíocht aerthráchta nó le rialáil eacnamaíoch tionscal líonra. Chun an cinneadh maidir le ceapachán comhaltaí an Bhoird Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta a ghlacadh, is gá vóta dearfach ó ionadaí an Choimisiúin ar an mBord Bainistíochta.
3. Le linn don Bhord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta na cúraimí a thugtar dó leis an Rialachán seo a chomhlíonadh, gníomhóidh an Bord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta go neamhspleách agus ní lorgóidh sé ná ní ghlacfaidh sé treoracha ó rialtas Ballstáit, ón gCoimisiún nó ó eintiteas poiblí nó príobháideach eile.

Airteagal 114d

Cathaoirleach an Bhoird Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta

1. Toghfaidh an Bord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach as measc a chomhaltaí a mbeidh cead vótála acu le tromlach dhá thrian. Glacfaidh an Leaschathaoirleach áit an Chathaoirligh mura mbeidh an Cathaoirleach in ann a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh.
2. Dhá bhliain go leith an téarma oifige a bheidh ag an gCathaoirleach agus ag an Leaschathaoirleach, agus beidh sé in-athnuaite. Más rud é go dtiocfaidh deireadh lena gcomhaltas sa Bhord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta tráth ar bith le linn a dtéarma oifige, rachaidh a dtéarma oifige in éag go huathoibríoch ar an dáta sin.

Airteagal 114e

Cruinnithe an Bhoird Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta

1. Is é Cathaoirleach an Bhoird Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta a thionólfadh cruinnithe den Bhord.
2. Reáchtálfadh an Bord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta dhá ghnáthchruinniú ar a laghad in aghaidh na bliana. Lena chois sin, tiocfaidh sé le chéile arna iarraidh sin don Chathaoirleach, don Choimisiún nó d'aon trian ar a laghad dá chomhaltaí.

3. Glacfaidh an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta páirt sa phlé, gan cead vótála a bheith aige.
4. Féadfaidh an Bord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta cuireadh a thabhairt d'aon duine freastal ar a chuid cruinnithe, arbh fhéidir gur díol spéise é a thuairim nó a tuairim agus is stádas breathnóra a bheidh ag an duine sin.
5. Cuirfidh an Ghníomhaireacht an rúnaíocht ar fáil don Bhord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta.

Airteagal 114f

Rialacha vótála an Bhoird Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta

1. Mura sonraítear a mhalairt sa Rialachán seo, déanfaidh an Bord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta cinntí trí thromlach simplí de na comhaltaí a bhfuil cead vótála acu.
2. Beidh aon vóta amháin ag gach comhalta arna cheapadh de bhun Airteagal 114c(2). Má bhíonn comhalta as láthair, beidh an comhalta malartach i dteideal a chead nó a cead vótála a fheidmiú. Ní bheidh cead vótála ag breathnóirí ná ag an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta.
3. Déanfaidh an Bord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta a rialacha nós imeachta a ghlacadh, rialacha ina leagfar síos ar bhealach níos mionsonraithe na socruithe lena rialaítear vótáil, go háirithe na coinníollacha ar a mbonn a fhéadfaidh comhalta amháin gníomhú thar ceann comhalta eile agus freisin, i gcás inarb iomchuí, na rialacha lena rialaítear córaim.

Airteagal 114g

Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta

1. Beidh an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta fostaithe mar ghníomhaire sealadach den Ghníomhaireacht faoi Airteagal 2, pointe (a) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile.
2. Ceapfaidh an Bord Bainistíochta an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta tar éis dó tuairim fhabhrach an Bhoird Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta a fháil, ar bhonn tuillteanais mar aon le scileanna agus le taithí a bhaineann leis an earnáil bainistíochta aerthráchta nó le rialáil eacnamaíoch tionscadail líonra, as liosta triúr iarrthóirí ar a laghad arna moladh ag an gCoimisiún, tar éis nós imeachta roghnúcháin oscailte agus trédhearcach. Chun an cinneadh maidir le ceapachán an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta a ghlacadh, is gá vóta dearfach ó ionadaí an Choimisiúin ar an mBord Bainistíochta. Chun críche an conradh a thabhairt i gcrích leis an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta, déanfaidh Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta ionadaíocht ar an nGníomhaireacht.
3. Cúig bliana a bheidh i dtéarma oifige an Stiúrthóra um Athbhreithniú Feidhmíochta. Le linn na naoi mí roimh dheireadh na tréimhe sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú. Sa mheasúnú sin, scrúdóidh an Coimisiún na nithe seo a leanas go háirithe:
 - (a) feidhmíocht an Stiúrthóra um Athbhreithniú Feidhmíochta;
 - (b) dualgais agus riachtanais maidir le hathbhreithniú ar fheidhmíocht sna blianta ina dhiaidh sin.

4. Féadfaidh an Bord Bainistíochta, ag gníomhú dó ar thogra ón gCoimisiún, agus an measúnú dá dtagraítear i mír 3 a bhreithniú go dian agus tar éis tuairim fhabhrach a fháil ón mBord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta, féadfaidh sé síneadh a chur le téarma oifige an Stiúrthóra um Athbhreithniú Feidhmíochta aon uair amháin ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bliana. An Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta, ar cuireadh síneadh lena théarma oifige nó lena téarma oifige, ní bheidh sé rannpháirteach i nós imeachta roghnúcháin eile don phost céanna ag deireadh na tréimhse lenar cuireadh síneadh.
5. I gcás nach síneofar a théarma oifige nó a téarma oifige, fanfaidh an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta in oifig go dtí go gceapfar a chomharba nó a comharba.
6. Ní fhéadfar an Stiúrthóir um Athbhreithnithe Feidhmíochta a chur as oifig ach amháin ar chinneadh ón mBord Bainistíochta, ag gníomhú dó ar thogra ón gCoimisiún, tar éis tuairim fhabhrach a fháil ón mBord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta.
7. Tiocfaidh an Bord Bainistíochta ar chinntí faoi cheapachán, faoi shíneadh téarma oifige agus faoi chur as oifig an Stiúrthóra um Athbhreithniú Feidhmíochta ar bhonn tromlaigh dhá thrian dá chuid comhaltaí a bhfuil cead vótála acu. Ní bheidh seilbh ag an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta ar aon phost ná freagracht ghairmiúil le haon cheann de na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta tar éis a théarma mar an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta, le haghaidh tréimhse dhá bhliain ar a laghad.

Airteagal 114h

Freagrachtaí an Stiúrthóra um Athbhreithniú Feidhmíochta

1. Beidh an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta cuntasach don Bhord Bainistíochta i ndáil le hábhair riaracháin, bhuiséadacha agus bhainistíochta, ach leanfaidh sé de bheith go hiomlán neamhspleách maidir lena chúraimí faoi mhír 3, pointe (d). Gan dochar do róil an Bhoird Bainistíochta agus an Bhoird Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta faoi seach i dtaca le cúraimí an Stiúrthóra um Athbhreithniú Feidhmíochta, ní dhéanfaidh an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta aon treoir a lorg ná a ghlacadh ó aon rialtas, ó institiúidí an Aontais ná ó aon eintiteas nó duine poiblí nó príobháideach eile.
2. Féadfaidh an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta freastal ar chruinnithe an Bhoird Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta mar bhreathnóir.
3. Beidh an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta freagrach as cur chun feidhme na gcúraimí maidir le hathbhreithniú feidhmíochta, cúraimí a dhéanfar i gcomhréir le [togra leasaithe SES2+]. Cuirfidh an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta san áireamh an treoir dá dtagraítear in Airteagal 114b(1), pointe (b) agus, i gcás ina bhforáiltear dó sin sa Rialachán seo, tuairimí an Bhoird Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta. Go háirithe, beidh an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta freagrach as na nithe seo a leanas:
 - (a) ionadaíocht dhlíthiúil na Gníomhaireachta a áirithiú in ábhair a bhaineann le hathbhreithniú feidhmíochta;
 - (b) riarachán laethúil na hoibre a chur i gcrích i dtaca le hathbhreithniú feidhmíochta;
 - (c) i leith réimsí atá nasctha go díreach nó go hindíreach leis an obair i dtaca le hathbhreithniú feidhmíochta, obair an Bhoird Bainistíochta a ullmhú, páirt a

ghlacadh in obair an Bhoird Bainistíochta gan aon cheart vótála a bheith aige agus na cinntí a ghlacann an Bord Bainistíochta a chur chun feidhme sna réimsí a bhaineann le feidhm na Gníomhaireachta a bheidh ag gníomhú mar CAF;

- (d) tuairimí, moltaí agus cinntí i leith na gcúraimí a leagtar amach in [togra leasaithe SES2+], agus i leith na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagal 129a, a dhréachtú, a ghlacadh agus a fhoilsiú, mar aon le comhairliúchán a dhéanamh ina leith;
- (e) an roinn maidir le gníomhaíochtaí athbhreithnithe feidhmíochta den doiciméad clársceidealaithe dá dtagraítear in Airteagal 117a a chur chun feidhme;
- (f) na bearta riachtanacha a dhéanamh, go háirithe i leith teoracha inmheánacha riaracháin a ghlacadh agus fógraí a fhoilsiú, chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh obair na Gníomhaireachta i dtaca le hathbhreithniú feidhmíochta i gcomhréir le [togra leasaithe SES2+];
- (g) an roinn maidir le gníomhaíochtaí athbhreithnithe feidhmíochta den doiciméad clársceidealaithe dá dtagraítear in Airteagal 117a a ullmhú gach bliain, rud a chuirfear faoi bhráid an Stiúrthóra Feidhmiúcháin agus a dhéanfar a chomhtháthú i ndréachtdoiciméad clársceidealaithe na Gníomhaireachta chun críoch phointe (j) d'Airteagal 104(3). Aon athrú a dhéanfar ar an ionchur a bhaineann le hathbhreithniú feidhmíochta, ní dhéanfar é ach ar fhormheas a fháil ón Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta;
- (h) dréachtmheastachán sealadach a tharraingt suas ar an ioncam agus ar an gcaiteachas i leith athbhreithnithe feidhmíochta i gcomhréir le hAirteagal 120a(7) agus é a chur faoi bhráid an Stiúrthóra Feidhmiúcháin chun críoch Airteagal 104(3), pointe (h) agus an t-ioncam agus an caiteachas i leith athbhreithnithe feidhmíochta a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 121. Aon athrú a dhéanfar ar an ionchur a bhaineann le hathbhreithniú feidhmíochta, ní dhéanfar é ach ar fhormheas a fháil ón Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta;
- (i) an dréachtroinn maidir le hathbhreithniú feidhmíochta sa tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí a ullmhú go bliantúil, lena n-áirítear roinn neamhspleách faoi na gníomhaíochtaí rialála a bhaineann le hathbhreithniú feidhmíochta agus roinn faoi chúrsaí airgeadais agus riaracháin, agus í a chur faoi bhráid an Stiúrthóra Feidhmiúcháin chun go gcomhtháthófar í sa tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí. Aon athrú a dhéanfar ar an ionchur a bhaineann le hathbhreithniú feidhmíochta, ní dhéanfar é ach ar fhormheas a fháil ón Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta;
- (j) a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta atá ag gníomhú mar CAF, plean gníomhaíochta a ullmhú, i gcomhar leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, ina ndéanfar obair leantach ar chonclúidí tuarascálacha agus meastóireachtaí iniúchóireachta inmheánacha nó seachtracha, mar aon le himscrúduithe arna ndéanamh ag OLAF, agus tuairisciú ar an dul chun cinn dhá uair sa bhliain don Choimisiún agus go tráthrialta don Bhord Bainistíochta;
- (k) togra a ullmhú le haghaidh sásraí agus nósanna imeachta maidir le comhairliúcháin le páirtithe leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 38 de [togra leasaithe SES2+], le cur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta lena ghlacadh tar éis tuairim fhabhrach a fháil ón mBord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta;

- (l) tar éis tuairim fhabhrach a fháil ón mBord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta, iarraidh ar an mBord Bainistíochta na struchtúir inmheánacha a bhaineann le hathbhreithniú feidhmíochta a bhunú nó a mhodhnú;
- (m) ullmhú a dhéanamh ar na dréachtpheleananna maidir le cumarsáid agus scaipeadh a bhaineann le hathbhreithniú feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 119a(5), le cur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta lena ghlacadh tar éis tuairim fhabhrach a fháil ón mBord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta.

4. Chun críocha mhír 3, pointe (d), ní dhéanfar tuairimí, moltaí agus cinntí na Gníomhaireachta atá ag gníomhú mar CAF dá dtagraítear in [togra leasaithe SES2+] agus in Airteagal 129a den Rialachán seo a ghlacadh ach amháin tar éis tuairim fhabhrach a fháil ón mBord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta.

Sula ndéanfaidh sé dréacht-tuairimí, dréachtmholtaí nó dréachtchinntí a chur faoi vóta ag an mBord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta, seolfaidh an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta tograí do dhréacht-tuairimí, dréachtmholtaí nó dréachtchinntí chuig an meitheal ábhartha lena mbreithniú in am trátha roimh ré.

Déanfaidh an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta barúlacha agus leasuithe an Bhoird Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta a chur san áireamh agus an dréacht-tuairim, dréachtmholadh nó dréachtchinneadh athbhreithnithe a thíolacadh chuig an mBord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta arís le haghaidh tuairim fhabhrach. I gcás nach gcloífidh an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta leis na barúlacha agus na leasuithe a fuarthas ón mBord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta nó go ndiúltóidh sé dóibh, déanfaidh an Stiúrthóir míniú a mbeidh údar cuí leis a thabhairt freisin i scríbhinn.

Féadfaidh an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta na dréacht-tuairimí, dréachtmholtaí, nó dréachtchinntí a thíolacadh a tharraingt siar, ar choinníoll go ndéanfaidh sé míniú i scríbhinn a mbeidh údar cuí leis a thíolacadh i gcás nach n-aontaíonn sé leis na leasuithe arna dtíolacadh ag an mBord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta. I gcás go ndéanfar dréacht-tuairim, dréachtmholadh nó dréachtchinneadh a tharraingt siar, féadfaidh an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta dréacht-tuairim nua, dréachtmholadh nua nó dréachtchinneadh nua a eisiúint, ag cloí leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 114b(1), pointe (a) agus sa dara fomhír den mhír seo.

Mura dtabharfaidh an Bord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta, ar an ábhar nach mbeidh a bharúlacha agus a leasuithe léirithe go leordhóthanach sa téacs a dhéanfar a thíolacadh arís, tuairim fhabhrach ar théacs na dréacht-tuairime, an mholta nó an chinnidh a dhéanfar a thíolacadh arís, féadfaidh an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta téacs na dréacht-tuairime, an mholta nó an chinnidh a athbhreithniú tuilleadh i gcomhréir leis na leasuithe agus na barúlacha arna moladh ag an mBord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta chun tuairim fhabhrach a fháil uaidh gan iallach a bheith air cúiseanna breise a thabhairt i scríbhinn.

Feidhmeanna agus oibríochtaí an Bhoird Chomhairligh um Athbhreithniú Feidhmíochta

1. Déanfaidh an Bord Comhairleach um Athbhreithniú Feidhmíochta na nithe seo a leanas:
 - (a) faisnéis a mhalartú faoi obair na n-údarás maoirseachta náisiúnta agus faoi phrionsabail chinnteoireachta, dea-chleachtais agus nósanna imeachta agus maidir le cur i bhfeidhm [togra leasaithe SES2+];
 - (b) tuairimí agus moltaí a sholáthar i dtaca le hábhar treorach le heisiúint ag an nGníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF. Ní bheidh tuairimí agus moltaí an Bhoird Chomhairligh um Athbhreithniú Feidhmíochta ceangailteach.
2. Tiocfaidh an Bord Comhairleach um Athbhreithniú Feidhmíochta le chéile ar bhonn rialta, chun a áirithiú go dtéann údaráis maoirseachta náisiúnta i gcomhairle lena chéile agus go n-oibríonn siad le chéile i líonra.
3. Féadfaidh Cathaoirleach an Bhoird Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta agus an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta páirt a ghlacadh i gcruinnithe an Bhoird Chomhairligh um Athbhreithniú Feidhmíochta agus féadfaidh siad moltaí a chur faoi bhráid na n-údarás maoirseachta náisiúnta, arna dtionól mar an Bord Comhairleach um Athbhreithniú Feidhmíochta, de réir mar is iomchuí, i ndáil le cúrsaí a bhaineann lena saineolas ar an scéim feidhmíochta agus muirearaithe dá dtagraítear in [togra leasaithe SES2+].
4. Faoi réir na rialacha maidir le sonraí dá bhforáiltear in Airteagal 31 de [togra leasaithe SES2+] agus i Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴, cuirfidh an Gníomhaireacht rúnaíocht ar fáil don Bhord Comhairleach um Athbhreithniú Feidhmíochta agus tacóidh sí le malartú na faisnéise dá dtagraítear i mír 1 i measc chomhaltaí an Bhoird Chomhairligh um Athbhreithniú Feidhmíochta, agus an rúndacht a urramú a ghabhann le faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála, ar faisnéis de chuid na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta í.

Comhdhéanamh an Bhoird Chomhairligh um Athbhreithniú Feidhmíochta

1. Ar an mBord Comhairleach um Athbhreithniú Feidhmíochta, beidh:
 - (a) ionadaí sinsearach amháin in aghaidh an Bhallstáit de chuid na n-údarás maoirseachta náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 3 de [togra leasaithe SES2+], agus ionadaí malartach amháin in aghaidh an Bhallstáit ó fhoireann shinsearach reatha na n-údarás sin, iad beirt ainmnithe ag an údarás maoirseachta náisiúnta.
 - (b) ionadaí amháin de chuid an Choimisiúin gan ceart vótála, agus ionadaí malartach amháin.

⁴ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

2. Toghfaidh an Bord Comhairleach um Athbhreithniú Feidhmíochta Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach as measc a chomhaltaí. Glacfaidh an Leas-Chathaoirleach áit an Chathaoirligh mura mbeidh an Cathaoirleach in ann a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh. Dhá bhliain go leith an téarma oifige a bheidh ag an gCathaoirleach agus ag an Leas-Chathaoirleach, agus beidh sé in-athnuaite. Más rud é go dtiocfaidh deireadh lena gcomhaltas sa Bhord Comhairleach um Athbhreithniú Feidhmíochta tráth ar bith le linn a dtéarma oifige, rachaidh a dtéarma oifige in éag go huathoibríoch ar an dáta sin.

Airteagal 114k

Cumhachtaí an Bhoird Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta

1. Beidh an Bord Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta freagrach as cinneadh a dhéanamh maidir le hachomhairc in aghaidh na gcinntí dá dtagraítear in [togra leasaithe SES2+]. Tionólfar an Bord Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta de réir mar is gá.
2. Glacfar cinntí an Bhoird Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta trí thromlach de cheathrar ar a laghad den seisear comhaltaí.

Airteagal 114l

Comhaltaí an Bhoird Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta

1. Seisear comhaltaí agus seisear comhaltaí malartacha a bheidh ar an mBord Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta, arna roghnú as foireann shinsearach reatha nó iar-fhoireann shinsearach na n-údarás maoirseachta náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 3 de [togra leasaithe SES2+], na n-údarás iomaíochta nó na n-institiúidí Aontais nó náisiúnta eile a bhfuil taithí ábhartha in earnáil na heitlíochta acu. Ainmneoidh an Bord Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta a Chathaoirleach.
2. Is é an Bord Bainistíochta a dhéanfaidh comhaltaí an Bhoird Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta a cheapadh go foirmiúil, ar thogra ón gCoimisiún, tar éis glao poiblí ar léiriú spéise, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta.
3. Glacfaidh comhaltaí an Bhoird Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta orthu féin go ngníomhóidh siad go neamhspleách agus ar mhaithe le leas an phobail. Chun na críche sin, déanfaidh siad dearbhú gealltanais i scríbhinn agus dearbhú leasanna i scríbhinn ina léireofar nach bhfuil aon leas ann a bhféadfaí a mheas ina leith gur ní é a dhéanfadh dochar dá neamhspleáchas, nó, ag cur in iúl go bhfuil leas díreach nó indíreach ann a bhféadfaí a mheas ina leith gur ní é a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dá neamhspleáchas. Poibleofar na dearbhuithe sin go bliantúil.
4. Cúig bliana a bheidh i dtéarma oifige chomhaltaí an Bhoird Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta. Beidh an téarma sin inathnuaite aon uair amháin.
5. Beidh comhaltaí an Bhoird Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta neamhspleách agus a gcinntí á ndéanamh acu. Ní bheidh siad faoi cheangal ag aon treoracha. Ní dhéanfaidh siad aon dualgais eile a chomhlíonadh sa Ghníomhaireacht, ar Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta ná ar Bhord Comhairleach um Athbhreithniú Feidhmíochta. Ní chuirfear comhalta den Bhord Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta as oifig le linn a théarma oifige nó a téarma oifige mura

rud é go bhfaighfear ciontach i mí-iompar tromchúiseach é nó í agus go ndéanann an Coimisiún cinneadh chuige sin tar éis dó tuairim an Bhoird Bhainistíochta a fháil.

6. Glacfaidh an Bord Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta a rialacha nós imeachta féin agus foilseoidh sé iad. Sna rialacha sin, leagfar amach go mionsonraithe na socruithe lena rialaítear eagrú agus feidhmiú an Bhoird Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta agus na rialacha is infheidhme maidir le hachomhairc os comhair an Bhoird Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta de bhun Airteagail 114k go 114s. Déanfaidh an Bord Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta fógra a thabhairt don Choimisiún maidir lena dhréacht-rialacha nós imeachta agus maidir le haon athrú suntasach ar na rialacha sin. Féadfaidh an Coimisiún tuairim a thabhairt maidir leis na rialacha sin laistigh de 3 mhí ón dáta a fhaightear an fógra.

Airteagal 114m

Eisiamh agus agóid a dhéanamh sa Bhord Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta

1. Ní ghlacfaidh comhaltaí an Bhoird Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta páirt in aon imeachtaí achomhairc má bhíonn leas pearsanta acu iontu, má bhí baint acu cheana leis na himeachtaí mar ionadaithe ar dhuine de na páirtithe iontu nó má bhí siad rannpháirteach sa chinneadh a bhfuil achomharc á dhéanamh ina aghaidh.
2. Má tharlaíonn sé, ar cheann de na cúiseanna a liostaítear i mír 1 nó ar chúis eile, go measann comhalta den Bhord Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta nár cheart don chomhalta sin páirt a ghlacadh in aon imeacht achomhairc, cuirfidh an comhalta sin an méid sin in iúl don Bhord Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta dá réir.
3. Féadfaidh aon pháirtí sna himeachtaí achomhairc agóid in aghaidh aon chomhalta den Bhord Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta ar aon cheann de na forais a luaitear i mír 1, nó má tá amhras ann go bhfuil an comhalta sin claonta. Ní bheidh agóid den sórt sin inghlactha, má bhíonn céim den nós imeachta glactha ag an bpáirtí sna himeachtaí achomhairc agus fios aige go raibh cúis achomhairc ann. Ní féidir agóid ar bith a dhéanamh bunaithe ar náisiúntacht na gcomhaltaí.
4. Cinnfidh an Bord Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta an gníomh a dhéanfar sna cásanna a shonraítear i mír 2 agus i mír 3 gan an comhalta lena mbaineann a bheith rannpháirteach. Chun críocha an cinneadh sin a dhéanamh, gabhfaidh a chomhalta malartach ionad an chomhalta lena mbaineann ar an mBord Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta. Má bhíonn an comhalta malartach i gcás cosúil le cás an chomhalta sin, ainmneoidh an Cathaoirleach comhalta ionaid as measc na gcomhaltaí malartacha a bheidh ar fáil.

Airteagal 114n

Cinntí, arna n-eisiúint ag an nGníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF, atá faoi réir achomhairc

1. Cinntí de chuid na Gníomhaireachta atá ag gníomhú mar CAF a glacadh de bhun [togra leasaithe SES2+], féadfar achomharc a dhéanamh in aghaidh na gcinntí sin.
2. Ní bheidh éifeacht fionraíochta ag achomharc a thaiscfear de bhun mhír 1. Féadfaidh an Bord Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta, áfach, má mheasann sé go

bhfágann imthosca áirithe gur gá sin, cur i bhfeidhm an chinnidh atá á chonspóid a fhionraí.

3. Foilseoidh an Ghníomhaireacht a bheidh ag gníomhú mar CAF na cinntí arna ndéanamh ag an mBord Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta.

Airteagal 114o

Na daoine atá i dteideal achomharc a dhéanamh

Féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach achomharc a dhéanamh in aghaidh cinneadh arna eisiúint ag an nGníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF, ar cinneadh é a díriodh ar an duine sin, nó in aghaidh cinneadh arna eisiúint ag an nGníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF, ar de chúram an duine sin é go díreach agus go leithleach ach gur cinneadh é a díriodh ar dhuine eile. Féadfaidh páirtithe sna himeachtaí a bheith páirteach sna himeachtaí achomhairc.

Airteagal 114p

Teorainn ama agus foirm

Áireofar san achomharc ráiteas ar na forais atá leis an achomharc, agus déanfar é a chomhdú i scríbhinn sa Ghníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF laistigh de 2 mhí ón uair a thabharfar fógra faoin gcinneadh don duine lena mbaineann, nó ina éagmais sin, laistigh de 2 mhí ón dáta ar a d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF a cinneadh. Glacfaidh an Bord Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta cinneadh faoin achomharc laistigh de 4 mhí ón tráth a thaiscfear é.

Airteagal 114q

Leasú idirbhreitheach

1. Sula scrúdófar an t-achomharc, tabharfaidh an Bord Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta deis don Ghníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF a chinneadh a athbhreithniú. Má mheasann an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta go bhfuil bunús maith leis an achomharc, ceartóidh sé an cinneadh laistigh de 2 mhí tar éis dó fógra a fháil ina leith ón mBord Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta. Ní bhainfidh sin le cásanna ina bhfuil an t-achomharcóir i gcoinne páirtí eile sna himeachtaí achomhairc.
2. I gcás nach gceartaítear an cinneadh, cinnfidh an Bord Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta gan mhoill ina dhiaidh sin cé acu a chuirfidh nó nach gcuirfidh sé cur i bhfeidhm an chinnidh ar fionraí de bhun Airteagal 114n(2).

Airteagal 114r

Achomhairc a scrúdú

1. Is é an Bord Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta a dhéanfaidh measúnú maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an t-achomharc inghlactha agus bunús maith leis.
2. Le linn dó an t-achomharc a scrúdú de bhun mhír 1, gníomhóidh an Bord Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta go gasta.

Tabharfaidh sé cuireadh, a mhinice is gá, do na páirtithe sna himeachtaí achomhairc tuairimí i scríbhinn a chomhdú laistigh de theorainneacha sonraithe ama maidir le fógraí a eiseoidh sé féin, nó maidir le teachtaireachtaí ó na páirtithe eile sna himeachtaí achomhairc. Féadfaidh an Bord Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta cinneadh éisteacht ó bhéal a chur ar bun, uaidh féin nó ar iarraidh réasúnaithe a fháil ó dhuine de pháirtithe an achomhairc.

Airteagal 114s

Cinntí ar achomharc

I gcás ina gcinneann an Bord Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta nach bhfuil an t-achomharc inghlactha nó nach bhfuil bunús maith leis an achomharc, diúltóidh sé don achomharc. I gcás ina gcinneann an Bord Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta go bhfuil an t-achomharc inghlactha agus go bhfuil bunús maith leis an achomharc, cuirfidh sé an cás ar ais chuig an nGníomhaireacht. Déanfaidh an Gníomhaireacht cinneadh réasúnaithe nua lena gcuirfear cinneadh an Bhoird Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta san áireamh.

Airteagal 114t

Caingne os comhair na Cúirte Breithiúnais

1. Ní fhéadfar caingne maidir le cinneadh arna eisiúint ag an nGníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF de bhun [togra leasaithe SES2+] a neamhniú agus caingne maidir le mainneachtain gníomhú laistigh de na teorainneacha ama is infheidhme a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais ach amháin tar éis don nós imeachta achomhairc dá dtagraítear in Airteagal 114 k go 114 s a bheith ídithe.
 2. Déanfaidh an Gníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF na bearta is gá chun cinntí de chuid na Cúirte Breithiúnais a chomhlíonadh.’;
- (10) cuirtear an tAirteagal seo a leanas, Airteagal 117a, isteach:

‘Airteagal 117a

An roinn maidir le gníomhaíochtaí athbhreithnithe feidhmíochta sa chlársceidealú bliantúil agus ilbhliantúil

1. Gach bliain, dréachtóidh an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta an roinn maidir le gníomhaíochtaí athbhreithnithe feidhmíochta an doiciméid chlársceidealaithe dá dtagraítear in Airteagal 117(1). Tar éis don Bhord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta an dréacht a fhormheas, cuirfidh an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta faoi bhráid an Stiúrthóra Feidhmiúcháin é chun é a chomhtháthú i ndréachtdoiciméad clársceidealaithe na Gníomhaireachta i gcomhréir le hAirteagal 114h(3), pointe (g). Aon athrú a dhéanfar ar an roinn maidir le hathbhreithniú feidhmíochta, ní dhéanfar é ach ar fhormheas a fháil ón Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta.
2. Sa doiciméad clársceidealaithe, cuimseofar cuspóirí sonracha agus torthaí ionchais, lena n-áirítear táscairí feidhmíochta, sa roinn maidir le hathbhreithniú feidhmíochta den chlár oibre bliantúil. Beidh tuairisc ann freisin ar na gníomhaíochtaí atá le maoiniú agus léiriú ar na hacmhainní airgeadais agus daonna a bheidh sannta do gach gníomhaíocht, i gcomhréir le prionsabail an bhuiséadaithe agus an bhainistithe de réir gníomhaíochtaí. Beidh an roinn maidir le hathbhreithniú feidhmíochta den chlár oibre bliantúil i gcomhréir leis an roinn maidir le hathbhreithniú feidhmíochta den chlár oibre ilbhliantúil dá dtagraítear i mír 4. Sonrófar go soiléir ann na cúraimí a cuireadh leis, a athraíodh nó a scriosadh i gcomparáid leis an mbliain airgeadais roimhe sin.
3. I gcás ina sanntar cúram nua ar an nGníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF, leasóidh an Bord Bainistíochta an roinn maidir le hathbhreithniú feidhmíochta den

chlár oibre bliantúil a glacadh. Aon leasú substaintiúil ar an ar roinn maidir le hathbhreithniú feidhmíochta den chlár oibre bliantúil, déanfar é a ghlacadh tríd an nós imeachta céanna a leagtar amach don chlár oibre bliantúil tosaigh. Féadfaidh an Bord Bainistíochta an chumhacht a tharmligean don Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta chun leasuithe neamhshubstaintiúla a dhéanamh ar an roinn maidir le hathbhreithniú feidhmíochta de dhoiciméad an chlár oibre bhliantúil.

4. Sa roinn maidir le hathbhreithniú feidhmíochta den chlár oibre ilbhliantúil, sa doiciméad clársceidealaithe, leagfar amach an clársceidealú straitéiseach foriomlán lena n-áirítear cuspóirí, na torthaí a bhfuiltear ag súil leo agus táscairí feidhmíochta. Déanfar clársceidealú acmhainní a leagan amach ann freisin, lena n-áirítear an buiséad ilbhliantúil agus an fhoireann.

Déanfar an clársceidealú acmhainní a thabhairt cothrom le dáta gach bliain. Tabharfar an clársceidealú straitéiseach cothrom le dáta i gcás inarb iomchuí, go háirithe chun dul i ngleic leis an toradh ar an meastóireacht dá dtagraítear in Airteagal 124(4).’;

- (11) cuirtear an tAirteagal seo a leanas, Airteagal 118a, isteach:

‘Airteagal 118a

An roinn maidir le hathbhreithniú feidhmíochta sa tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí

1. Dréachtóidh an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta an roinn maidir le hathbhreithniú feidhmíochta den tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 118(1). Tar éis don Bhord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta an dréacht a fhorghnó, cuirfidh an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta faoi bhráid an Stiúrthóra Feidhmiúcháin é chun é a chomhtháthú sa tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 114h(3), pointe (i). Aon athrú a dhéanfar ar an roinn maidir le hathbhreithniú feidhmíochta sa tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí, ní dhéanfar é ach ar fhorghnó a fháil ón Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta.
2. Sa roinn maidir le hathbhreithniú feidhmíochta sa tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí, beidh roinn neamhspleách faoi na gníomhaíochtaí rialála agus roinn faoi chúrsaí airgeadais agus riaracháin. Déanfaidh an Bord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta an roinn neamhspleách maidir le gníomhaíochtaí rialála a fhorghnó sula gcuirtear faoi bhráid an Stiúrthóra Feidhmiúcháin í, i gcomhréir le hAirteagal 114b(1), pointe (e).’;

- (12) cuirtear an tAirteagal seo a leanas, Airteagal 119a, isteach:

‘Airteagal 119a

Trédhearcacht, cumarsáid agus nósanna imeachta chun tuairimí, moltaí agus cinntí na Gníomhaireachta atá ag gníomhú mar CAF a eisiúint

1. Agus a cúraimí á gcomhlíonadh aici, rachaidh an Gníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF i gcomhairle go forleathan agus go luath leis na páirtithe leasmhara a liostaítear in Airteagal 38(3) de [togra leasaithe SES2+] agus, i gcás inarb ábhartha, le húdaráis iomaíochta, gan dochar dá n-inniúlachtaí faoi seach, ar bhealach oscailte

trédhearcach. I gcomhréir le hAirteagal 38 de [togra leasaithe SES2+], bunóidh an Ghníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF sásraí comhairliúcháin le haghaidh rannpháirtíocht iomchuí na bpáirtithe leasmhara sin.

Chuirge sin, dréachtóidh an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta togra le haghaidh na sásraí sin agus, tar éis tuairim fhabhrach a fháil ón mBord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta i dtaca leis an dréacht, cuirfidh sé faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta é lena ghlacadh.

2. Áiritheoidh an Ghníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF, más iomchuí, go ndéanfar faisnéis oibiachtúil, iontaofa agus inrochtana a thabhairt don phobal agus d'aon pháirtí leasmhar, go háirithe maidir le toradh a cuid oibre.

Cuirfear doiciméid agus miontuairiscí uile na gcruinnithe comhairliúcháin ar fáil don phobal.

3. Déanfaidh an Ghníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF a phoibliú ar a suíomh gréasáin, ar a laghad, an clár oibre, na doiciméid chúlra agus, i gcás inarb iomchuí, miontuairiscí chruinnithe an Bhoird Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta agus an Bhoird Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta.

4. Glacfaidh an Ghníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF nósanna imeachta leordhóthanacha comhréireacha chun tuairimí, moltaí agus cinntí na Gníomhaireachta atá ag gníomhú mar CAF a eisiúint, agus foilseoidh sí iad, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 98(2a), pointe (f). Déanfar an méid seo a leanas trí bhíthin na nósanna imeachta sin:

- (a) a áirithiú go bhfoilseoidh an Ghníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF doiciméid agus go rachaidh sí i gcomhairle go forleathan le páirtithe leasmhara, i gcomhréir le clár ama agus nós imeachta lena mbeidh oibleagáid ar an nGníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF freagra i scríbhinn a thabhairt ar an bpróiseas comhairliúcháin;
- (b) a áirithiú, sula ndéanfaidh an Ghníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF cinneadh aonair ar bith dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus in [togra leasaithe SES2+], go gcuirfidh sí aon pháirtí lena mbaineann ar an eolas go bhfuil sé ar intinn aici an cinneadh sin a ghlacadh, agus leagfaidh sí teorainn ama síos ar laistigh di a fhéadfaidh an páirtí lena mbaineann a thuairimí a thabhairt ar an ábhar, agus práinn, castacht agus iarmhairtí féideartha an ábhair á gcur san áireamh go hiomlán;
- (c) a áirithiú go ndéanfar na cúiseanna ar a bhfuil siad bunaithe a lua i gcinnntí aonair na Gníomhaireachta atá ag gníomhú mar CAF chun gur féidir achomharc a dhéanamh de réir na dtuillteanas féin;
- (d) i gcás ina n-eisíonn an Ghníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF cinneadh, foráil a dhéanamh maidir leis an duine nádúrtha nó leis an duine dlítheanach ar a bhfuil an cinneadh dírithe agus le haon pháirtithe eile sna himeachtaí a chur ar an eolas faoi na leigheasanna dlí atá ar fáil dóibh faoin Rialachán seo;
- (e) na coinníollacha a shonrú faoina ndéanfar fógraí faoi na cinntí a thabhairt do na daoine lena mbaineann, lena n-áirítear faisnéis maidir leis na nósanna imeachta achomhairc dá bhforáiltear sa Rialachán seo.

5. Féadfaidh an Ghníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF tabhairt faoi ghníomhaíochtaí cumarsáide as a stuaim féin laistigh dá réimse inniúlachta féin i ndáil le hathbhreithniú feidhmíochta, agus le linn di déanamh amhlaidh, déanfaidh an

Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta ionadaíocht uirthi. Ní dhéanfaidh leithdháileadh acmhainní chuig gníomhaíochtaí cumarsáide dochar d'fheidhmiú éifeachtach na gcúraimí ná na gcumhachtaí dá dtagraítear in [togra leasaithe SES2+]. Tabharfar faoi ghníomhaíochtaí cumarsáide i gcomhréir leis na pleananna ábhartha maidir le cumarsáid agus scaipeadh arna nglacadh ag an mBord Bainistíochta i gcomhréir le pointe (g) d'Airteagal 98(2a).';

(13) leasaítear Airteagal 120 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

1. Cé is moite de na hioncaim sin le haghaidh a cuid feidhmeanna mar CAF, agus gan dochar d'ioncaim eile, cuimseofar an méid seo a leanas in ioncaim na Gníomhaireachta:

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Beidh an t-ioncam agus an caiteachas le haghaidh gníomhaíochtaí nach bhfuil cumhdaithe ag Airteagal 120a(1) ar comhardú.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Déanfaidh an Ghníomhaireacht, i rith na bliana airgeadais, a pleanáil foirne agus a bainistiú ar ghníomhaíochtaí a mhaoinítear ó acmhainní a bhaineann le táillí agus muirir i leith gníomhaíochtaí deimhniúcháin a oiriúnú ar dhóigh lena gcumasófar di freagairt go gasta don ualach oibre agus do luaineachtaí na n-ioncam sin.’;

(d) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Gach bliain, déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin dréachtráiteas a tharraingt suas faoi mheastacháin ar ioncam agus caiteachas na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais ina dhiaidh sin, lena n-áirítear dréachtphlean bunaíochta, agus, tar éis comhtháthú a dhéanamh ar an dréachtmheastachán ar ioncam agus caiteachas an athbhreithnithe feidhmíochta agus ar an liosta de na poist le haghaidh athbhreithniú feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 120a(7), cuirfidh sé chuig an mBord Bainistíochta é, maille le hábhar mínitheach faoin staid bhuiséadach. Bunófar an dréachtphlean bunaíochta sin, i dtaca le poist a gheobhaidh a maoiniú trí tháillí agus muirir dá dtagraítear i mír 1, ar líon teoranta táscairí arna ndearbhú ag an gCoimisiún chun ualach oibre agus éifeachtúlacht na Gníomhaireachta a thomhas, agus leagfar amach ann na hacmhainní is gá chun an t-éileamh ar dheimhniúcháin agus ar ghníomhaíochtaí eile na Gníomhaireachta a riar ar dhóigh éifeachtúil, tráthúil, lena n-áirítear iad sin a thiocfaidh as ath-leithdháileadh freagrachta i gcomhréir le hAirteagal 64 agus le hAirteagal 65.’;

(14) cuirtear an tAirteagal seo a leanas, Airteagal 120a, isteach:

‘Airteagal 120a

Buiséad na Gníomhaireachta le haghaidh a cuid feidhmeanna mar CAF

1. Áireoidh an Ghníomhaireacht ioncam agus caiteachas an athbhreithnithe feidhmíochta ar leithligh ó ioncam agus caiteachas eile. Beidh an t-ioncam agus an caiteachas sin ar comhardú, i gcomhréir le mír 2 agus faoina réir.
2. Déanfar aon bharrachas a léirítear sa chuntas dá dtagraítear i mír 1 a aistriú chuig an gcúlchiste a bunaíodh i gcomhréir le mír 6. Déanfar aon chaillteanas sa chuntas dá dtagraítear i mír 1 d'Airteagal a cumhdach trí aistrithe ón gcúlchiste sin. Má éiríonn toradh suntasach ar an mbuiséad athfhillteach, ar bhonn dearfach nó diúltach, déanfar

athbhreithniú ar leibhéal na dtáillí agus na muirear dá dtagraítear i mír 3, pointí (a) agus (d) agus in Airteagal 126a.

3. Le haghaidh a cuid feidhmeanna mar CAF, cuimseofar in ioncaim na Gníomhaireachta an méid seo a leanas:
 - (a) táillí a thoibhíonn an Ghníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF ar sholáthraithe seirbhísí aerthrachta ainmnithe le haghaidh seirbhísí a bhaineann le measúnú ar phlean feidhmíochta, spriocanna a shocrú agus monatóireacht;
 - (b) ranníocaíochtaí bliantúla ó sholáthraithe seirbhísí aerthrachta ainmnithe, ar bhonn an chaiteachais bhliantúil mheasta a bhaineann leis na gníomhaíochtaí maidir le hathbhreithniú feidhmíochta, gníomhaíochtaí atá le cur ar bun ag an nGníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF mar a cheanglaítear le [togra leasaithe SES2+] le haghaidh gach catagóir de sholáthraithe seirbhísí aerthrachta ainmnithe;
 - (c) aon ranníocaíocht airgeadais dheonach ó na Ballstáit nó ó na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 3 de [togra leasaithe SES2+];
 - (d) muirir ar fhoilseacháin agus ar aon seirbhís eile a chuireann an Ghníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF ar fáil;
 - (e) aon ranníocaíocht ó thríú tíortha nó ó eintitis eile, fad agus nach gcuirfeadh an ranníocaíocht sin isteach ar neamhspleáchas agus ar neamhchlaontacht na Gníomhaireachta atá ag gníomhú mar CAF.
4. Ioncam agus caiteachas uile na Gníomhaireachta le haghaidh a cuid feidhmeanna mar CAF, déanfar réamhaisnéisí ina leith sin do gach bliain airgeadais, beidh an bhliain airgeadais comhthráthach leis an mbliain féilire, agus iontrálfar an t-ioncam agus an caiteachas sin i mbuiséad na Gníomhaireachta.
5. Ní chuirfidh an t-ioncam a gheobhaidh an Ghníomhaireacht le haghaidh a cuid feidhmeanna mar CAF isteach ar a neodracht, a neamhspleáchas ná ar a hoibiachtúlacht.
6. Bunóidh an Ghníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF cúlchiste lena gcuimseofar bliain amháin dá caiteachas oibríochtúil chun leanúnachas a hoibríochtaí agus cur i bhfeidhm a cúraimí a áirithiú. Déanfar é a athbhreithniú gach bliain chun a áirithiú go bhfuil sé teoranta do riachtanais bhliantúla.
7. Déanfaidh an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta dréachtmheastachán a tharraingt suas gach bliain ar ioncam agus caiteachas an athbhreithnithe feidhmíochta don bhliain ina dhiaidh sin mar aon leis an liosta de na poist le haghaidh athbhreithniú feidhmíochta agus cuirfidh sé faoi bhráid an Stiúrthóra Feidhmiúcháin iad lena gcomhtháthú sa dréachtráiteas faoi mheastacháin ar ioncam agus caiteachas na Gníomhaireachta dá dtagraítear in Airteagal 120(6).

Féadfaidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Bhoird Bainistíochta athruithe a dhéanamh ar an dréachtmheastachán ar ioncam agus caiteachas an athbhreithnithe feidhmíochta agus ar an liosta de na poist le haghaidh athbhreithniú feidhmíochta ar fhormheas a fháil ón Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta.

I gcás nach dtagann an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta ar chomhréiteach i dtaca leis an dréachtmheastachán ar ioncam agus caiteachas an athbhreithnithe feidhmíochta, dréachtóidh an Stiúrthóir um

Athbhreithniú Feidhmíochta tuairim a chuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin in iarscríbhinn sa dréachtráiteas faoi mheastacháin ar ioncam agus caiteachas na Gníomhaireachta dá dtagraítear in Airteagal 120(6). Beidh sé de cheart sa chás sin freisin ag an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta a thuairim/tuairim a chur i láthair an Bhoird Bainistíochta sula nglacfaidh an Bord Bainistíochta dréachtmheastachán sealadach ar ioncam agus caiteachas na Gníomhaireachta i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 120(6).

8. Baileofar na ranníocaíochtaí bliantúla dá dtagraítear i mír 3, pointe (b) ar feadh cúig bliana airgeadais. Chuige sin, beidh siad dlite den chéad uair an 31 Márta [XXXX - bliain] – Oifig na bhFoilseachán, cuirigí isteach an chéad bhliain airgeadais a thosóidh tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo le bhur dtoil]], i leith na bliana airgeadais sin, agus an 31 Márta do gach ceann de na ceithre bliana airgeadais ina dhiaidh sin, i leith na mblianta airgeadais sin faoi seach.

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme ina leagfar amach rialacha mionsonraithe lena gcinnfear conas a ríomhfar ranníocaíochtaí bliantúla ó na soláthraithe seirbhísí aerthráchta ainmnithe dá dtagraítear i mír 2, pointe (b), i gcomhréir le hAirteagal 126b.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 127(3).';

- (15) leasaítear Airteagal 121 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Is é an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a chuirfidh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme. Mar sin féin, i dtaca leis an ioncam agus an caiteachas a bhaineann le feidhmeanna na Gníomhaireachta mar CAF, is é an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta a chuirfidh chun feidhme é.’;

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

‘8. Cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagra chuig an gCúirt Iniúchóirí maidir lena barúlacha faoin 30 Meán Fómhair gach bliain airgeadais dar gcionn. Cuirfidh sé an freagra sin chuig an mBord Bainistíochta freisin agus chuig an gCoimisiún. I gcás gníomhaíochtaí a bhaineann le hathbhreithniú feidhmíochta, ullmhóidh sé an freagra sin i dteannta an Stiúrthóra um Athbhreithniú Feidhmíochta.’;

- (c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

‘10. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, ar mholadh ón gComhairle ag gníomhú di trí thromlach cáilithe agus roimh an 15 Bealtaine de bhliain $n + 2$, cinneadh faoin urscaoileadh don Stiúrthóir Feidhmiúcháin i leith chur chun feidhme bhuiséad na bliana n agus faoin urscaoileadh don Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta maidir le hathbhreithniú feidhmíochta do bhliain n .’;

- (16) in Airteagal 124, cuirtear na míreanna 4, 5, agus 6 seo a leanas isteach:

‘4. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1, 2, ná 3 maidir leis an nGníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht, i gcomhar leis an meastóireacht dá dtagraítear in Airteagal 43 de [togra leasaithe SES2+], agus faoin sprioc-am a shainítear sa Rialachán sin, chun feidhmíocht na Gníomhaireachta mar CAF a mheas i leith a cuspóirí, a cúraimí agus a cumhachtaí. Tabharfar aghaidh sa mheastóireacht, go háirithe, ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann cúraimí agus cumhachtaí na Gníomhaireachta atá ag gníomhú mar

CAF a mhionathrú, agus na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le haon mhionathrú dá leithéid.

5. I gcás ina measann an Coimisiún nach bhfuil bonn cirt a thuilleadh le feidhm CAF a choinneáil ar bun ag féachaint dá chuspóirí, dá chúraimí agus dá chumhachtaí sannta, féadfaidh sé a mholadh go ndéanfaí an Rialachán seo agus [togra leasaithe SES2+] a leasú dá réir.

6. Déanfaidh an Coimisiún torthaí na meastóireachta, ar ghníomhaíocht na Gníomhaireachta atá ag gníomhú mar CAF, a chur ar aghaidh mar aon lena chonclúidí chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an mBord Bainistíochta. Cuirfear torthaí na meastóireachta agus na moltaí ar fáil don phobal.’;

(17) in Airteagal 126, cuirtear an mhír 5 seo a leanas leis:

‘5. Ní bheidh feidhm ag forálacha an Airteagail seo maidir le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta a bheidh ag gníomhú mar CAF.’;

(18) Cuirtear na hAirteagail seo a leanas, Airteagail 126a agus 126b, isteach:

‘Airteagal 126a

Táillí agus muirir na Gníomhaireachta atá ag gníomhú mar CAF

1. Toibheofar táillí na Gníomhaireachta atá ag gníomhú mar CAF i leith an mhéid seo a leanas:
 - (a) an measúnú ar leithdháileadh na gcostas idir seirbhísí aerloingseoireachta *en route* agus críochfoirt, i gcomhréir le hAirteagal 13(6) de [togra leasaithe SES2+];
 - (b) an measúnú, ar gach dréachtphlean feidhmíochta, idir leaganacha tosaigh agus athbhreithnithe, a chuirtear i láthair na Gníomhaireachta atá ag gníomhú mar CAF, measúnú a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagal 13(7) go (9) de [togra leasaithe SES2+];
 - (c) i gcás ina ngníomhaíonn an Ghníomhaireacht mar údarás maoirseachta i gcomhréir le hAirteagal 3(8) de [togra leasaithe SES2+], an measúnú ar gach dréachtphlean feidhmíochta, idir leaganacha tosaigh agus athbhreithnithe, a chuirtear i láthair na Gníomhaireachta atá ag gníomhú mar CAF, measúnú a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagal 14(6) go (8) de [togra leasaithe SES2+];
 - (d) spriocanna feidhmíochta a leagan síos do sholáthraithe seirbhísí aerthráchta ainmnithe i gcomhréir le hAirteagal 13(9) de [togra leasaithe SES2+];
 - (e) i gcás ina ngníomhaíonn an Ghníomhaireacht mar údarás maoirseachta i gcomhréir le hAirteagal 3(8) de [togra leasaithe SES2+], spriocanna feidhmíochta a leagan síos do sholáthraithe seirbhísí aerthráchta ainmnithe i gcomhréir le hAirteagal 14(8) de [togra leasaithe SES2+];
 - (f) maidir le hiarratais ó sholáthraithe seirbhísí aerthráchta ar chead a fháil chun a spriocanna agus a bpleananna feidhmíochta a athbhreithniú, measúnú ar na hiarratais sin i gcomhréir le hAirteagal 17(3) agus (4) de [togra leasaithe SES2+];
 - (g) rátaí aonaid a fhíorú chun ullmhú do shocrú na rátaí sin ag na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 21 de [togra leasaithe SES2+];

- (h) tuarascálacha a eisiúint, i leith soláthraithe seirbhísí aerthrachta aonair, maidir le faireachán ar fheidhmíocht i gcomhréir le hAirteagal 13(11) de [togra leasaithe SES2+] agus, i gcás ina ngníomhaíonn an Gníomhaireacht mar údarás maoirseachta i gcomhréir le hAirteagal 3(8) de [togra leasaithe SES2+] i gcomhréir le hAirteagal 14(10) de [togra leasaithe SES2+];
 - (i) Bearta ceartaitheacha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13(11) de [togra leasaithe SES2+] agus, i gcás ina ngníomhaíonn an Gníomhaireacht mar údarás maoirseachta i gcomhréir le hAirteagal 3(8) de [togra leasaithe SES2+], i gcomhréir le hAirteagal 14(10) den Rialachán sin;
 - (j) próiseáil achomharc.
2. Na muirir a thoibheofar as foilseacháin agus as soláthar aon seirbhís eile de chuid na Gníomhaireachta a bheidh ag gníomhú mar CAF dá dtagraítear in Airteagal 120a(3), léireofar leis na muirir sin fíorchostas gach seirbhíse a chuirfear ar fáil.
 3. Socróidh an Coimisiún méid na dtáillí agus na muirear i gcomhréir le mír 4. Socrófar iad ar leibhéal a áiríteoidh gur leor i bprionsabal an t-ioncam ina leith chun costas iomlán na ngníomhaíochtaí a bhfuil baint acu leis na seirbhísí arna soláthar a chuimsiú, agus chun carnadh suntasach barrachais a sheachaint. Léireofar sa chostas sin an caiteachas uile maidir le baill foirne a bhfuil a bpost sannta d'fheidhm na Gníomhaireachta atá ag gníomhú mar CAF, go háirithe ranníocaíochtaí *pro-rata* an fhostóra leis an scéim pinsin. Sannfar mar ioncam don Gníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF na táillí agus na muirir sin a bhaineann le seirbhísí a mbeidh táillí agus muirir dlite ina leith.
 4. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar síos rialacha mionsonraithe a bhaineann le táillí agus muirir a thoibhíonn an Gníomhaireacht as a cuid feidhmeanna mar CAF, ar rialacha iad lena sonrófar go háirithe méid na dtáillí agus na muirear agus an bealach ina n-íoctar iad. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 127(3).

Airteagal 126b

Gníomhartha cur chun feidhme maidir le ranníocaíochtaí bliantúla ó sholáthraithe seirbhísí aerthrachta ainmnithe a ríomh

Leis na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 120a(8), bunófar an méid seo a leanas:

- (a) modheolaíocht chun an caiteachas measta a leithdháileadh ar chatagóirí de sholáthraithe seirbhísí aerthrachta ainmnithe, ar modheolaíocht í a bheidh ina bonn le sciar na ranníocaíochtaí, atá le déanamh ag soláthraithe seirbhísí aerthrachta ainmnithe de gach catagóir, a ríomh;
- (b) critéir iomchuí oibiachtúla chun na ranníocaíochtaí bliantúla iníoctha ag soláthraithe seirbhísí aerthrachta ainmnithe aonair a chinneadh bunaithe ar a méid, d'fhonn a dtábhacht sa mhargadh a léiriú go garbh.

Ar na catagóirí dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 beidh, ar an gcéad dul síos, soláthraithe seirbhísí aerthrachta *en route*, ar an dara dul síos soláthraithe seirbhísí aerthrachta críochfoirt atá faoi réir mhaoirseacht na Gníomhaireachta atá ag gníomhú mar CAF, agus ar an tríú dul síos na soláthraithe a thairgeann an dá chineál seirbhísí.

Leis na critéir atá le bunú i gcomhréir le pointe (b) áiritheofar, go háirithe, cóir chomhionann i measc na soláthraithe lena mbaineann, i leith gach cineál seirbhíse. Déanfar méid na soláthraithe seirbhísí aerthrachta a ríomh bunaithe ar an méid ioncaim a tháirgtear iarbhir as seirbhísí aerloingseoireachta a sholáthar thar an tréimhse thagartha roimh an tréimhse thagartha a dtagann an Rialachán seo i bhfeidhm lena linn.’;

(19) in Airteagal 129, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘Ní bheidh feidhm ag forálacha an Airteagail seo maidir le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta a bheidh ag gníomhú mar CAF.’;

(20) cuirtear an tAirteagal seo a leanas, Airteagal 129a, isteach:

‘Airteagal 129a

Comhaontaithe comhair maidir le hathbhreithniú feidhmíochta

1. A mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta atá ag gníomhú mar CAF, beidh an Ghníomhaireacht oscailte do rannpháirtíocht tríú tíortha a mbeidh comhaontuithe tugtha i gcrích acu leis an Aontas agus a bhfuil rialacha ábhartha dhlí an Aontais glactha acu agus á gcur i bhfeidhm acu i réimse na bainistíochta aerthrachta lena n-áirítear, go háirithe, na rialacha maidir le húdaráis mhaoirseachta náisiúnta agus leis an scéim feidhmíochta agus an scéim muirearaithe.
2. Féadfaidh an Ghníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF, faoi réir tabhairt i gcrích comhaontaithe chun na críche sin idir an tAontas agus tríú tíortha dá dtagraítear i mír 2, a cúraimí a fheidhmiú freisin faoi [togra leasaithe SES2+] i ndáil le tríú tíortha, ar choinníoll go mbeidh na rialacha ábhartha glactha ag na tríú tíortha sin agus iad á gcur i bhfeidhm acu freisin i gcomhréir le mír 2, agus go mbeidh sainordú tugtha acu don Ghníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF gníomhaíochtaí a n-údarás maoirseachta náisiúnta a chomhordú le gníomhaíochtaí údarais mhaoirseachta náisiúnta na mBallstát.
3. Sna comhaontuithe dá dtagraítear i mír 2, sonrúfar cineál, méid, raon feidhme agus gnéithe nós imeachta rannpháirtíocht na dtíortha sin in obair na Gníomhaireachta atá ag gníomhú mar CAF agus áireofar forálacha a bhaineann le ranníocaíochtaí airgeadais agus leis an bhfoireann. Leis na comhaontuithe sin féadfar foráil a dhéanamh maidir le socruithe oibre a bhunú.’;

(21) in Iarscríbhinn VIII, cuirtear an pointe seo a leanas, pointe 2.3a, isteach:

‘2.3a. Seirbhísí sonraí aerthrachta

- 2.3a.1. Na sonraí aerthrachta a bhaileofar, is de cháilíocht leordhóthanach, iomlán, cothrom le dáta agus is ó fhoinse dhlisteanach a bheidh siad agus soláthrófar go tráthúil iad.
- 2.3a.2. Déanfaidh na seirbhísí sonraí aerthrachta feidhmíocht leordhóthanach a bhaint amach agus a choinneáil ar bun maidir lena n-infhaighteacht, lena sláine, lena leanúnachas agus lena dtráthúlacht chun riachtanais na n-úsáideoirí a chomhlíonadh.

2.3a.3 Déanfar na córais agus na huirlisí a sholáthróidh seirbhísí sonraí aerthrachta a dhearadh, a tháirgeadh agus a choinneáil ar bun go hiomchuí chun a áirithiú go mbeidh siad oiriúnach don sprioc atá leo.

2.3a.4. Déanfar na sonraí sin a scaipeadh go tráthuíl agus bainfear úsáid as modh cumarsáide a bheidh iontaofa agus gasta a dhóthain, modh a bheidh faoi chosaint ar chur isteach agus ar éilliú bíodh sé sin d'aon ghnó nó go neamhbheartaithe.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán